# Ord an Aifrinn
# le Sacraimint an Chóineartaithe

## Na Deasghnátha Tosaidh

*Bíonn an pobal in a seasamh go deireadh an chomhurnaí.*

### An Iontróid

*Cantar an iontróíd agus an t-easpag ag dul i dtreo na haltóra. Leanann an canadh ar aghaidh agus an t-easpag ag tabhairt ómós don altóir agus go shroicheann sé an cathaoireach.*

An t-easpag: In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.
An pobal: Áiméan.
An t-easpag: Síocháin libh.
An pobal: Agus le do spiorad.

[Nó sagart: Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir. ℟. Agus le do spiorad.]

*Is féidir le duine éigeann as an bparóiste cúpla focal a rá ansin, agus siombailí a chur in lathair freisin. Bíodh spás/bord eagraithe in aice an sanctóir - áit is féidir na siombailí seo a chur agus a bheith sofheicthe, ach gan é a bheith os comhair na haltóra ná an ambo ná cathaoireach an t-easpaig/sagairt.*

### Gníomh Aithrí

An t-easpag : A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh:

Rogha 1:
Gach uile: Admhaím do Dhia uilechumhachtach, agus daoibhse a bhráithre, gur pheacaigh mé go trom, le smaoineamh agus le briathar, le gníomh agus le faillí, trí mo choir

Nó rogha 2:
Ministreál: Tusa a seoladh chun na daoine atá croíbhrúite a shlánú: A Thiarna, déan trócaire.
An pobal: A Thiarna, déan trócaire.

féin, trí mo choir féin, trí mo mhórchoir féin. Ar an ábhar sin, impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh, ar na hAingil agus ar na Naoimh, agus oraibhse, a bhráithre, guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.

Ministreál: Tusa a tháinig chun glaoch ar na peacaigh: A Chríost, déan trócaire.
An pobal: A Chríost, déan trócaire.

Ministreál: Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, chun idirghuí ar ár son: A Thiarna, déan trócaire.
An pobal: A Thiarna, déan trócaire.

Nó rogha 3:
An t-easpag: Déan trócaire orainn, a Thiarna.
An pobal: Óir pheacaíomar i di choinne
An t-easpag: Taispeáin dúinn do thrócaire, a Thiarna.
An pobal: Agus tabhair dúinn do shlánú

An t-easpag: Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. ℟. Áiméan.

**Kyrie, eleison**

*Leannan an* Kyrie, eleison *tar éis roghanna a haon agus a trí amháin:*
℣. A Thiarna, déan trócaire. ℟. A Thiarna, déan trócaire.
℣. A Chríost, déan trócaire. ℟. A Chríost, déan trócaire.
℣. A Thiarna, déan trócaire. ℟. A Thiarna, déan trócaire.

**Gloria in excelsis Deo**

*Canaítear an Ghlóir i rith an Charghais, seachas Dé Domhnaigh.*

Glóir do Dhia sna harda,
agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.
Molaimid thú; móraimid thú;
adhraimid thú; tugaimid glóir duit;
gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;
a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas;
a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.

A Thiarna, a Aon-Mhic, a Íosa Críost.
A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,
tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn;

tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí.
Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.

Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna;
is tú amháin is Ró-ard, a Íosa Críost,
mar aon leis an Spiorad Naomh i nglóir Dé an tAthair. Áiméan.

### An chomhurnaí

An t-easpag: Guímis. […] ina Dhia, trí shaol na saol. ℟. Áiméan.

## LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR

### An chéad léacht

Tosaíonn an liachtóir *Sliocht as…*
Críochnaíonn an liachtóir *Briathar an Tiarna*.
An pobal: Buíochas le Dia.

### An salm loinneogach

*Canaítear an salm le cantaire ar an ambó.*

### An dara léacht

Tosaíonn an liachtóir *Sliocht as…*
Críochnaíonn an liachtóir *Briathar an Tiarna*.
An pobal: Buíochas le Dia.

*Eiríonn an pobal in a seasamh nuair a tosaítear an chomhgháir:*

### An chomhgháir roimh léamh an tSoiscéil

*Canann an chór nó an cantair an freagra (Alleluia nó freagra eile don Chargais), ansin canann an pobal an freagra arís; canann an chór an véarsa, canann gach uile an freagra.*

### An Soiscéal

An deochain: Go raibh na Tiarna libh.
An pobal: Agus le do spiorad.
An deochain: Sliocht as na Soiscéal Naofa de réir A.
An pobal: Glóir duit, a Thiarna.

*Léann an deochainn téacs an tscoiscéil.*

An deochain: Soiscéal an Tiarna.
An pobal: Moladh duit, a Chríost.

### Glaoch na hIarrthóirí

### An Homaile

### Athnuachan Gheallúintí an Bhaiste.

*Seasann na hiarrthóirí, agus fiafraíonn an t-easpag díobh:*

An t-easpag: An ndiúltaíonn tú do Shátan?
Iarrthóirí: Diúltaím.
An t-easpag: Agus dá oibreacha go léir?
Iarrthóirí: Diúltaím.
An t-easpag: Agus dá chuid geallúintí folmha go léir?
Iarrthóirí: Diúltaím.
An t-easpag: An gcreideann tú i nDia, an tAthair uilechumhachtach, cruthaitheoir neimhe agus talún?
Iarrthóirí: Creidim.
An t-easpag: An gcreideann tú in Íosa Críost, a aon Mhacsan, ár dTiarna, a rugadh ó Mhuire Ógh, a céasadh, a fuair bás agus a adhlacadh, a d'éirigh ó mhairbh, agus atá anois ina shuí ar dheis an Athar??
Iarrthóirí: Creidim.
An t-easpag: An gcreideann tú sa Spiorad Naomh, Tiarna agus bronntóir na beatha, a tháinig ar na haspail um Chincís agus atá á bhronnadh ort inniu i sacraimint an Chóineartaithe?
Iarrthóirí: Creidim.

An t-easpag: An gcreideann tú sa NaomhEaglais chaitliceach, i gcomaoin na naomh, i maithiúnas na bpeacaí, in aiséirí na colainne agus sa bheatha shíoraí?
Iarrthóirí: Creidim.
An t-easpag: Is é seo ár gcreideamh. Is é seo creideamh na hEaglaise. Fógraímís go bródúil é trí Chríost ár dTiarna..
An pobal: Áiméan.

## Leagan na Lámh

*Seasann an t-easpag os comhair an phobail agus na sagairt atá ag cuidiú leis in aice leis. Seasann an pobal uile freisin. Cuireann an t-easpag a bhosa le chéile agus deir sé:*

A phobail Dé na páirte, tríd an mbaisteadh rugadh an chlann seo athuair chun na beatha síoraí agus rinne Dia, an tAthair uilechumhachtach, clann atrama díobh. Iarraimis ar ár nAthair an Spiorad Naomh a dháileadh anuas orthu go caoin chun iad a neartú le flúirse a bhronntanas agus iad a chur i gcosúlacht, trína ungadh, le Críost Mac Dé.

*Téann na hiarrthóirí amháin ar a nglúine.*

*Seal tosta chun urnaí – leagann an ceiliúraí (agus na sagairt atá ag cuidiú leis) a lámha thar na hiarrthóirí go léir. Deir (nó canann) an ceiliúraí ina aonar:*
An t-easpag: A Dhia uilechumhachtaigh, Athair ár dTiarna Íosa Críost, shaor tú do chlann anseo ón bpeaca le huisce agus leis an Spiorad Naomh agus bhronn tú beatha nua orthu. Tabhair dóibh spiorad na heagna agus na tuisceana, spiorad an bhreithiúnais chóir agus an mhisnigh, spiorad an eolais agus na hurraime. Líon iad le spiorad an iontais agus na heagla i do láthair. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
An pobal: Áiméan.

## Ungadh le Criosma

*Téann na hiarrthóirí ar aghaidh chun glacadh leis an sacraimint.*
An t-easpag: '(Ainm), go raibh tú séalaithe le tabhartas an Spioraid Naoimh.
An t-iarrthóir: Áiméan.

An t-easpag: Síocháin leat.
An nuachomhneartú: Agus le do spiorad.

### An Ghuí Chomhchoiteann (Guí an Phobail)

*Cuireann an t-easpag tús leis an nguí.*
An léitheoir: A Thiarna, éist linn.
An pobal: A Thiarna, bí ceansa, agus éist linn.
*Cuireann an t-easpag clabhsúr ar nguí an phobail le hurnaí.*
℟. Áiméan.

## LIOTÚIRGE NA HEOCAIRISTE

### Ullmhú na h-altóra agus na n-ofrálacha

### Ceadal don ofráil

*Tosaíonn ceadal don ofráil agus ullmhaíonn na mineastrálaithe an altóir.*

### Orate fratres

*Téann an pobal in a seasamh agus an easpag ag rá:*
An t-easpag: A phobal Dé, guigí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
An pobal: Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,
chun onóra agus glóire a ainm,
agus chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.

### Urnaí os cionn na nOfrálacha

An t-easpag: [...] trí shaol na saoil / trí Chríost ár dTiarna.
An pobal: Áiméan.

### An Phaidir Eocairisteach

An t-easpag: Go raibh an Tiarna libh.
An pobal: Agus le do spiorad.
An t-easpag: Tógaigí bhur gcroíthe in airde.

An pobal: Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.
An t-easpag: Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.
An pobal: Is ceart agus is cóir sin.

An t-easpag:
Is ceart agus is cóir dúinn, go deimhin, is cuí agus is tairbheach,
[…]
Uime sin, mar aon le sluaite uile na nAigneal
canaimid anois agus go brách
le dúthracht croí duitse in ard ár ngutha á rá:

*Cannann gach éinne:*
Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna.
Hósanna sna harda.

*Téann an pobal ar a nglúine:*

A Thiarna, is Naofa thú go fírinneach; is tú tobar na naofachta go léir.
Naomhaigh, mar sin, impímid ort, na bronntanais seo le drúcht do Spioraid,
chun go ndéanfar díobh inár gcomhair Corp agus ✠ Fuil ár dTiarna, Íosa Críost.
Nuair a bhí sé á thabhairt suas chun na Páise dá dheoin féin,
ghlac sé an t-arán, agus ag gabháil buíochais leat, bhris,
agus thug dá dheisceabail é, á rá:
glacaigí agus ithigí uile as seo:
óir is é seo mo chorp a thabtharfar ar bhur son.
Ar an gcaoi chéanna, tar éis an tsuipéir,
ag glacadh na cailíse,
agus ag gabháil buíochais leat arís,
thug sé dá dheisceabail í, á rá:
Glacaigí agus ólaigí uile aisti seo: óir is í seo cailís mo chuid fola, fuil na nuathiomna shíoraí. Doirtfear í ar bhur son agus ar son móráin chun maithiúnas na bpeacaí. Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa.

Rúndiamhair an chreidimh.

*Canann an pobal:*

Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna,
agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tú.
*Nó:*
Gach uair a ithimid an t-arán seo
agus a ólaimid an chailís seo,
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.
*Nó:*
A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh sinn,
tusa a shaor sinn trí do chros agus trí d'aiséirí.
*Nó:*
Mo Thiarna agus mo Dhia.

*An t-easpag:*
Dá réir sin, a Thiarna Dia,
ag cuimhneamh dúinn ar bhás agus ar aiséirí Chríost,
ofrálaimid duit arán na beatha agus cailís an tslánaithe,
agus gabhaimid buíochas leat toisc gurbh fhiú leat
sinn a bheith i do láthair agus ag fónamh duit.
Iarraimid go humhal ort go n-aontófar le chéile,
le cumhacht an Spioraid Naoimh,
sinne atá páirteach i gCorp agus i bhFuil Chríost.

*An príomh Comhchéiliúraí:*
Tabhair chun cuimhne, a Thiarna, d'Eaglais ar fud an domhain mhóir
chun go ndéanfá í a neartú sa charthanacht
i gcuideachta lenár bPápa A.,

- *easpag ne deoise:* agus liomsa do sheirbhíseach neamhfhiúntach /
- *easpag eile*: agus le mo bhráthair A., Easpag na hEaglaise seo, agus liomsa do sheirbhíseach neamhfhiúntach /
- *sagart*: agus lenár nEaspag A.,

agus leis an gcléir uile.

Tabhair chun cuimhne freisin, a Thiarna, do sheirbhísigh
ar dheoin leat iad a chóineartú inniu
tríd an Spiorad Naomh a bhronnadh orthu,
agus caomhnaigh iad i do ghrásta.

*An dara comhchéiliúraí:*
Cuimhnigh freisin ar ár muintir féin

a fuair bás agus iad ag súil le haiséirí
agus orthu siúd uile atá imithe ar shlí na fírinne faoi do ghnaoi
agus fáiltigh rompu isteach i solas do ghnúise.
Déan trócaire orainn uile, impímid ort,
ionas gurbh fhiú sinn a bheith páirteach sa bheatha shíoraí
chun tú a mholadh agus a ghlóiriú
i gcuideachta na Maighdine Beannaithe Muire, Máthair Dé,
Iósaf Naofa, a Céile,
na Naomhaspal agus na Naomh uile
a rinne do thoilse riamh anall trí do Mhac Íosa Críost.

*An t-easpag leis na chomhchéiliúraí uile:*
Is tríd agus leis, agus ann, a thugtar gach onóir agus glóir duitse,
a Dhia, an tAthair uilechumhachtach,
in aontacht an Spioraid Naoimh,
trí shaol na saol.

Canann an pobal: Áiméan.

## DEASGHNÁTH NA COMAOINEACH

*Éiríonn an pobal in a seasamh.*

An t-easpag: Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc,
tá sé de mhisneach againn a rá:

*Chuile:*
Ár nAthair atá ar neamh,
go naofar d'ainm, go dtaga do ríocht,
go ndéantar do thoil ar an talamh,
mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
agus maith dúinn ár bhfiacha,
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
agus ná lig sinn i gcathú,
ach saor sinn ó olc.

An t-easpag: Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna.
Tabhair dúinn go cineálta síochháin lenár linn,

ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire,
saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt
agus sinn ag súil leis an dóchas naofa
agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

An pobal: Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.

An t-easpag: A Thiarna Íosa Críost, a dúirt le d'Aspail:
Fágaim síocháin agaibh,
tugaim daoibh mo shíocháin:
ná féach ar ár bpeacaíne
ach ar chreideamh d'Eaglaise;
deonaigh síocháin a thabhairt di agus í a aontú,
faoi mar is toil leat féin, tusa a mhaireann
agus a rialaíonn trí shaol na saol. ℟. Áiméan.

Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.
An pobal: Agus le do spiorad.

An deochain: Ofrálaigí comhartha síochána dá chéile.
*Cuireann a mbíonn i latháir in iúl ar shlí dhúchasach go bhfuil síocháin, muintearas agus grá eatarthu.*

*Canann a pobal an* Agnus Dei *i rith briseadh an abhlainn shárnaofa:*
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.

*Téann an pobal ar a ghlúin.*

An t-easpag: Seo é Uan Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain.
Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.
An pobal leis an easpag: A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon,
ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.

*Le linn don easpag Corp Chríost a ghlacadh cuirtear tús le ceadal na Comaoineach.*

**Ceadal na Comaoineach**

**An t-Iarchomaoineach**

An t-easpag: Guímis.
*Eiríonn an pobal in a seasamh.*

[...] Trí Chríost ár dTiarna. ℟. Áiméan.

## NA DEASGHNÁTHA DEIRIDH

*Is féidir le duine éigean as an bparóiste cúpla focal scor a rá anois.*

*Eíríonn an pobal in a seasamh.*

An t-easpag: Go raibh an Tiarna libh.
An pobal: Agus le do spiorad.
An deochain: Cromaigí le haghaidh na beannachta.

*Rogha 1: Beannacht shollúnta*
An t-easpag: Dia an tAthair uilechumhachtach, a dhéannan clan a altrama díbh ar bhur n-athbreith ó uisce agus ón Spiorad Naomh, go mbeannaí sé sibh agus go gcosnaí ar shlí gurbh fhiú a ghrá athartha sibh.
℟. Áiméan.
Mac Aonghine an Athar, a gheall go bhfanfadh Spiorad na fírinne san Eaglais, go mbeannaí sé sibh agus go ndaingní sé sibh lena chumacht
in admháil an fhíorchreideamh.
℟. Áiméan.
An Spiorad Naomh a adhnann tine an ghrá i gcroíthe na ndeisceabal,
go mbeannaí sé sibh agus, tar éis sibh a aontú le chéile,
go dtreoraí sé sibh gan tuisle chun aoibhneas ríocht Dé.

*Rogha 2: Urnaí os cionn an phobail*
An t-easpag: Daingnigh, a Dhia,
an obair seo atá déanta agat ionainn
agus cosain tabhartais an Spioraid Naoimh i gcroíthe d'fhíréan
ionas nach mbeidh náire orthu
Críost céasta a admháil os comhair an tsaoil agus go gcomhlíonfaidh said a aitheanta le carthanacht dhílis.
℟. Áiméan.

℟. Áiméan.

Agus go mbeannaí Dia uilechumhtach, Athair, ✠ agus Mac, ✠ agus Spiorad ✠ Naomh, sibh uile atá anseo i láthair in éineacht.
℟. Áiméan.

Agus beannacht Dé uilechumhachtaigh, Athair, ✠ agus Mac, ✠ agus Spiorad ✠ Naomh go dtaga sí anuas oraibh agus go bhfana libh go deo.
℟. Áiméan.

An deochain: Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha.
An pobal: Buíochas le Dia.

**Iomann deiridh**